Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026
(OR. en)

5756/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0411(NLE)

ECOFIN 97
UEM 48
FIN 143
*ECB*
*EIB*

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Liotuáin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 14 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3], an 8 Deireadh Fómhair 2024[4] agus an 20 Meitheamh 2025[5].

(2) An 19 Nollaig 2025, rinne an Liotuáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Liotuáin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 69 mbeart nó fobheart.

---

2 Féach doiciméid ST 10477/21 agus ST 10477/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
3 Féach doiciméid ST 14637/23, ST 14637/23 COR 1 agus ST 14637/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
4 Féach doiciméid ST 13498/24 agus ST 13498/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
5 Féach doiciméid ST 9588/25, ST 9588/25 ADD 1 agus ST 9588/25 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an Liotuáin go bhfuil sé fobheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh de dheasca srianta ar an slabhra soláthair agus deacrachtaí teicniúla gan choinne. Baineann sé sin le fobhearta A.1.1.7 (Lárionad um Ardteiripí a Chruthú), A.1.3.2 (Lárionaid um braisle galar tógálach a nuachóiriú), C.1.4.5 (Ionad Barr Feabhais TFC), D.1.4.1 (Ardán Náisiúnta chun Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a chur chun cinn), E.1.2.2 (An t-éileamh ar nuálaíocht sa Liotuáin a mhéadú trí leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí) agus G.1.2.2 (Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Liotuáin go ndéanfaí na fobhearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an Liotuáin go bhfuil ocht mbeart nó fobheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh i ngeall ar shaincheisteanna gan choinne a bhaineann le soláthar poiblí nó a bhaineann le héileamh níos ísle ná mar a raibh coinne leis. Baineann sé sin le bearta nó fobhearta B.1.2 (Gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú), B.1.2.2 (Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí atá saor ó astaíochtaí a cheannach), B.1.2.3 (Bonneagar athluchtaithe feithiclí/líonta breosla mhalartaigh a shuiteáil), B.1.2.4 (Tacaíocht chun an earnáil breoslaí in- athnuaite fuinnimh a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)), B.1.3.3 (Soláthar táirgí agus seirbhísí foirgníochta a chur chun cinn lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh), D.1.4.5 (Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile), E.1.1.2 (Éifeachtúlacht an líonra ardoideachais a fheabhsú trí mhisin na n-ollscoileanna agus na gcoláistí a bheachtú) agus H.1.3.1 (Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Liotuáin go ndéanfaí na bearta nó na fobhearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an Liotuáin go bhfuil fobheart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar mhoill ar ghníomhartha dlí de chuid an Aontais a ghlacadh. Baineann sé sin le fobheart F.1.7.2 (Réiteach a chruthú chun r-choinsíneachtaí idirnáisiúnta a chumasú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Liotuáin go ndéanfaí an fobheart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an Liotuáin go bhfuil sé bheart nó fobheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh na mbeart sin nó na bhfobheart sin a bhaint amach. Baineann sé sin le bearta nó fobhearta B.1.1.1 (Réamhchéimeanna chun bonneagar gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt), B.1.2.1 (Tacaíocht don earnáil phoiblí agus do ghnólachtaí feithiclí glana a cheannach agus don tsoghluaisteacht inbhuanaithe), B.1.3.4 (Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla foirgneamh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta), C.1.3 (Seirbhísí dírithe ar an gcustaiméir), E.1.3.2 (Tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme clár eolaíochta agus nuálaíochta atá bunaithe ar mhisin sa speisialú cliste) agus H.1.2 (Tacaíocht chun feithicil uisce intíre ghlan a cheannach). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Liotuáin go ndéanfaí na bearta nó na fobhearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an Liotuáin go bhfuil 44 bheart nó fobheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus lena ndéantar cur chun feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart nó na bhfobheart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta nó fobhearta A.1.1.8 (Bailiúchán ionadaíoch sonraí géanóim tagartha a chruthú laistigh den tionscadal sláinte '1+ Million Genomes'), A.1.1.9 (Ardán inniúlachta do Ghairmithe Sláinte a bhunú), A.1.1.10 (Samhail um measúnú cáilíochta cúraim sláinte a fhorbairt), A.1.1.11 (Digiteáil na hearnála cúraim sláinte), A.1.2.2 (Acmhainní daonna agus acmhainneacht bonneagair chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar), A.1.3.3 (Nuachóiriú aonad leighis éigeandála, athbheochana agus dianchúraim in ospidéil réigiúnacha), B.1.3.2 (Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú), B.1.4 (Acmhainn ionsúcháin GCT a chothabháil agus a mhéadú), C1.1 (Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú), C.1.1.a (Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt), C.1.2 (Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus sonraí oscailte a áirithiú), C.1.4.1 (Acmhainní teicneolaíochta Liotuáinise a fhorbairt), C.1.4.2 (Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha), C.1.5.1 (Treochlár 5G), C.1.5.2 (Líonraí fíor-ardacmhainne a fhorbairt a thuilleadh), C.1.5.3 (Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht), D.1.1.3 (Clár Scoil na Mílaoise), D.1.1.4 (Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú), D.1.1.5 (An t-éiceachóras STEAM a fhorbairt), D.1.2 (Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta), D.1.4.3 (Printíseacht agus foghlaim obairbhunaithe), D.1.4.4 (Clár soghluaisteachta), E.1.2.3 (Forbairt éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta a chothú), E.1.2.4 (Forbairt na nuálaíochta glaise a chur chun cinn), E.3.1 (Iasachtaí le fiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch),

E.1.3.3 (An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile), F.1.1.1 (Córas bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a nuachóiriú), F.1.1.2 (Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt), F.1.3.1 (Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach), F.1.4.4 (Cáiníocóirí amach anseo a bheith liteartha ó thaobh airgeadais de), F.1.4.5 (Níos mó trédhearcachta in earnáil na tógála), F.1.5 (Uirlisí atá ar fáil do ghnólachtaí chun riosca dócmhainneachta a bhainistiú), F.1.6.1 (Uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit), F.1.6.2 (Cáilíocht sonraí na Cigireachta Cánach Stáit agus institiúidí eile a fheabhsú), F.1.6.5 (Uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú), F.1.6.6 (Inniúlacht foirne méadaithe na Cigireachta Cánach Stáit agus Chustam na Liotuáine), F.1.8 (Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc), F.3.1 (Soláthar poiblí láraithe a fheabhsú), F.3.2 (Caipitliú agus athléimneacht airgeadais na hInstitiúide Náisiúnta um Spreagadh), G.1.1.1 (Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht), G.1.2.1 (Próisis oibríochtúla na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, lena n-áirithítear díriú córasach ar chustaiméirí), G.3.1.1 (Comhtháthú seirbhísí fostaíochta, sóisialta agus seirbhísí eile a mhéadú), H.1.1.1 (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil sa chleachtas) agus H.1.1.2 (Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh (méadaithe)). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Liotuáin go ndéanfaí na bearta nó na fobhearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart nó na bhfobheart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Liotuáin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun beart nua amháin a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme trí bheart nó fobheart a mhéadú. Baineann sé sin le beart nua B.1.6 (Trédhearcacht faisnéise maidir leis an nasc leis an eangach leictreachais) agus an méadú ar leibhéal cur chun feidhme bearta nó fobhearta B.1.2 (Gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú), F.1.3.5 (Comhdhlúthú na n-institiúidí forbartha náisiúnta) agus H.1.3.2 (Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianfhuinneamh)). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Liotuáin i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go fóill go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030, agus uaillmhian fhobheart H.1.3.2 (Tacaíocht chun gléasraí RES a thógáil) á méadú i ndiaidh athdháileadh na n-acmhainní saortha comhfhreagracha.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta nó fobhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta nó na fobhearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 38,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 99,3 % de chostas measta iomlán na mbeart nó na bhfobheart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, 2021-2030.

(14) Tar éis na leasuithe atá beartaithe ag an Liotuáin a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tháinig méadú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide ó 37,4 % go 38,2 %. Léiríonn an méadú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide den chuid is mó an méadú ar leibhéal cur chun feidhme fhobheart F.1.3.5 (Comhdhlúthú na n-institiúidí forbartha náisiúnta), a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide ag 100 % i ndiaidh athdháileadh na n-acmhainní saortha comhfhreagracha.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta nó fobhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta nó na fobhearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 23,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(16) Tá méadú tagtha ar an rannchuidiú le haistriú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 22,1 % go 23,4 %. Is é is cúis leis an méadú sin den chuid is mó méadú ar fhobheart B.1.1.2. (Tacaíocht chun saoráidí stórála aonair a thógáil) a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha ag 40 %, agus fobhearta B.1.3.2. (Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú) agus C.1.4.5. (Ionad Barr Feabhais TFC) a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha ag 100 %.

***Costáil***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé , tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais do na bearta athbhreithnithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise go bhfuil na ríomhanna éagsúil ó thaobh leibhéal mionsonra agus doimhneachta de. Ina theannta sin, tá údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus tá siad comhréireach agus, dá bhrí sin, ní athraítear réasúnaíocht ná inchreidteacht na meastachán costais sin ná breisíocht maidir le cistiú ón Aontas, i gcás inarb infheidhme, i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(18) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Liotuáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], mheas an Liotuáin gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, mheas an Liotuáin nach raibh aon tionscadal den sórt sin le cuimsiú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc gur thángthas ar an gconclúid, tar éis measúnú inmheánach, go dtabharfaí tacaíocht níos iomchuí do thionscadail den sórt sin trí chistí an bheartais chomhtháthaithe.

***Measúnú dearfach***

(20) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin, agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[6] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Rannchuidiú airgeadais*

(21) Is é EUR 3 849 237 823 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine, ba cheart gurb é EUR 2 297 565 464 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Liotuáin.

(22) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Liotuáin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 maidir le laghdú ar mhéid na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin, a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an ranníocaíocht airgeadais faoi EUR 8 733 750, agus ní féidir leis an Liotuáin a híocaíocht amach a iarraidh ar an gCoimisiún.

*Iasachtaí*

(23) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Liotuáin dar luach EUR 1 551 672 358.

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(25) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Liotuáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*